An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

# Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna tráth nach luaithe ná Meán Fómhair 2027.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# An Clár Ábhar

An tSraith Shinsearach 2
Réasúnaíocht 4
Aidhmeanna 5
Leanúnachas agus dul chun cinn 6
Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach 7
Príomhinniúlachtaí 8
Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama 11
- Snáithe 1: Bunrudaí na Cuntasaíochta 14
- Snáithe 2: Ráitis Airgeadais Trádálaí Aonair a Ullmhú agus a Anailísiú 19
- Snáithe 3: Ráitis Airgeadais Cuideachta Teoranta a Ullmhú agus a Anailísiú 22
- Snáithe 4: Cinnteoireacht Eolasach 25

Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire 28
Measúnú 29
Socruithe réasúnta 32
Aguisín 1: Gluais de Bhriathra Gnímh 34
Aguisín 2: Gluais Téarmaí 35
Aguisín 3: Léirmhíniú ar Chóimheasa Cuntas 37

# An tSraith Shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris na scoláirí le linn na sraithe sinsearaí lena bhforbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena sláinte agus a bhfolláine ar bhonn ginearálta. Baineann ocht dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

| Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí |
|---|
| Folláine agus caidreamh |
| Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht |
| Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht |
| Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol |
| Rogha agus solúbthacht |
| Leanúnachas agus aistrithe |
| Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí |

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach na scoláirí, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann scoláirí níos mó freagrachta orthu féin as a gcuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán do na scoláirí an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc acu, i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí agus cumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag na scoláirí dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a dtuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht do na scoláirí chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú acu agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina gcuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an tsraith shinsearach bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá gcuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, inniúlachtaí agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fís chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann na scoláirí agus a ligeann dóibh feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar na scoláirí agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

# Réasúnaíocht

Tá an chuntasaíocht ina gné bhunúsach dár ngeilleagar, lena soláthraítear teanga lenar féidir le heagraíochtaí a bhfeidhmíocht agus a seasamh airgeadais a chur in iúl do pháirtithe leasmhara, chomh maith le faisnéis thábhachtach a sholáthar chun an eagraíocht a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tríd an gcuntasaíocht, clúdaítear réimse leathan d'fheidhmeanna bainistíochta airgeadais lena n-áirítear idirbhearta airgeadais a thaifeadadh, cuntais a ullmhú, sonraí airgeadais a anailísiú agus a léirmhíniú agus faisnéis airgeadais a chur in iúl go hinmheánach agus go seachtrach. Mar thoradh air sin, tá an chuntasaíocht ina gné lárnach de thacú le cinnteoireacht agus cleachtais eiticiúla agus inbhuanaithe laistigh d'eagraíochtaí.

Tá an chuntasaíocht éagsúil, dinimiciúil agus bíonn sí de shíor ag athrú. Tá ról tábhachtach ag an gcuntasaíocht chun fóntacht agus sláine airgeadais eagraíochtaí, geilleagar agus daoine aonair a chothabháil. Foghlaimeoidh na scoláirí faoi thaifid airgeadais a chothabháil, tuarascálacha inmheánacha agus seachtracha a ullmhú agus a anailísiú agus torthaí a chur in iúl chun comhlíonadh dlíthiúil agus eiticiúil rialachán agus dlíthe a chinntiú.

Trí staidéar a dhéanamh ar **Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta**, foghlaimeoidh na scoláirí faoin dóigh a n-insítear scéal an ghnólachta tríd an gcuntasaíocht, agus sin ó thaobh airgeadais de. Úsáidfidh na scoláirí sonraí agus/nó faisnéis chun eolas a dhéanamh do chinntí atá ríthábhachtach do thodhchaí gnólachtaí. Nuair a dhéantar staidéar ar an gcuntasaíocht, soláthraítear deiseanna do na scoláirí chun bheith ag plé le téamaí comhaimseartha a bhaineann leis an gcuntasaíocht lena n-áirítear digiteáil, inbhuanaitheacht, cinnteoireacht agus ceisteanna eitice.

Le linn staidéar a dhéanamh ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, foghlaimeoidh na scoláirí conas a sholáthraítear faisnéis chuidiúil, thráthúil agus ábhartha d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair, agus sin trí chleachtais agus nósanna imeachta cuntasaíochta éifeachtacha.Forbróidh na scoláirí a litearthacht airgeadais agus beidh an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a theastaíonn acu chun a mbealach a dhéanamh tríd an tírdhreach airgeadais agus cinnteoireachta ar a dtiocfaidh siad ina saol pearsanta agus gairmiúil amach anseo. Le gníomhaíochtaí praiticiúla, fiosróidh na scoláirí ról na cuntasaíochta sa bhuiséadú, sa chinnteoireacht, sa tuairisciú agus maidir le moltaí eiticiúla agus inbhuanaithe a chur le chéile.

# Aidhmeanna

Forbróidh scoláirí Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta léirthuiscint do thábhacht na litearthachta airgeadais ina saol, ina ngairm agus sa domhan timpeall orthu. Trí staidéar a dhéanamh ar an gcuntasaíocht, forbraíonn scoláirí réimse leathan inniúlachtaí agus beidh siad in ann a gcuid foghlama a úsáid i réimse d'eispéiris phearsanta agus ghairmiúla ón saol mar atá.

Tá sé d'aidhm ag Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta cumhacht a thabhairt do na scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- gnéithe de chuntasaíocht agus de mhaoiniú a fhiosrú ar mhaithe leis an saol pearsanta agus oibre araon, agus mar bhonn le haghaidh tuilleadh staidéir.
- feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar an bpríomhról atá ag an gcuntasaíocht maidir le hacmhainní eagraíochta a thomhas, a bhainistiú agus a chomhordú.
- tuiscint a fhorbairt ar phrionsabail, caighdeáin agus coincheapa cuntasaíochta chun tacú lena gcuid litearthachta agus folláine airgeadais.
- na príomhinniúlachtaí is gá a fhorbairt chun faisnéis airgeadais a ghabháil agus a bhainistiú chun na torthaí a anailísiú, a léirmhíniú, a mheas agus a chur in iúl.
- scileanna digiteacha a úsáid agus léirthuiscint a fháil do dheiseanna agus dúshláin na teicneolaíochta digití.
- léirthuiscint a fhorbairt do chleachtais eiticiúla agus inbhuanaithe sa chuntasaíocht.
- bheith ina bhfuascailteoirí fadhbanna muiníneacha, agus ina gcinnteoirí eolasacha.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

## An tSraith Shóisearach

Le Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí, dírítear ar thuiscint na scoláirí ar an timpeallacht ghnó a fheabhsú agus ar scileanna don saol, don obair agus do staidéar breise a fhorbairt trí na trí shnáithe idirnasctha: Airgeadas Pearsanta, Fiontraíocht agus Ár nGeilleagar. Is sna torthaí foghlama ar a dtugtar breac-chuntas in Airgeadas Pearsanta agus Tionscnaíocht atá na naisc is forleithne leis an gCuntasaíocht. Cuimsítear leis na hábhair a phléitear sna torthaí seo; ioncam, caiteachas, buiséadú, sreabhadh airgid, cuntas airgid agus cuntais deiridh. Cuireann ceann amháin de na trí rogha is féidir a fhiosrú mar chuid de MRB1 deis ar fáil do na scoláirí dúshlán airgeadais a bhíonn ag tomhaltóir nó ag eagraíocht (eagraíocht bhrabúis nó eagraíocht neamhbhrabúis) a shainaithint agus taighde a dhéanamh air. Mar chuid den tionscadal seo, déanann na scoláirí iniúchadh ar dhúshlán airgeadais roghnaithe, déanann siad measúnú ar a thorthaí, agus forbraíonn siad plean gníomhaíochta. Forbraíonn na scoláirí eolas agus tuiscint a bhaineann leis an gcuntasaíocht i roinnt ábhair eile den tsraith shóisearach amhail an Mhatamaitic, ina réitíonn siad fadhbanna a bhaineann le hairgead, agus an Eacnamaíocht Bhaile mar a bhfiosraíonn siad buiséadú mar chuid den ghné inniúlacht tomhaltóirí.

## I ndiaidh na sraithe sinsearaí

Leis an staidéar ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, tairgtear bunchloch mhaith do na scoláirí i gcinnteoireacht airgeadais agus teanga an ghnó, as ar féidir réimse leathan deiseanna gairme iontacha teacht. Trí mháistreacht a fháil ar phríomh-choincheapa sa chuntasaíocht, faigheann na scoláirí scileanna luachmhara atá riachtanach don fhiontraíocht, lena gcumasaítear dóibh a gcuid gnólachtaí féin a bhainistiú go héifeachtach. Ina theannta sin, tá tóir ar na scileanna sin sa mhargadh fostaíochta, lena n-osclaítear doirse do róil san airgeadas, sa bhainistíocht agus i réimsí eile den domhan corparáideach. Do na scoláirí sin ag a bhfuil spéis sa bhreisoideachas nó san ardoideachas, trí Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta soláthraítear túsphointe láidir d'ardléann sa chuntasaíocht, san airgeadas agus sa ghnó, rud a réitíonn an bealach d'fhás gairmiúil.

# Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn na scoláirí **laistigh** de na hábhair agus na modúil a nglacann siad páirt iontu **agus** gach rud a fhoghlaimíonn na scoláirí ag a bhfuil baint lena n-eispéiris sraithe sinsearaí **ar fad**. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhaoine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal 'príomhinniúlachtaí' ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris **ar fad** sa tsraith shinsearach. Leagtar amach an fhoghlaim a tharlaíonn **laistigh** den ábhar nó den mhodúl i gceist faoin teideal 'snáitheanna agus torthaí foghlama'. Ach tá sé ríthábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí. Go praiticiúil, is iad na scoláirí a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D'fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach do scoláirí a bpríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú sin, bainfidh na scoláirí tairbhe as:

- le linn agus i gcaitheamh na sraithe sinsearaí
- le linn dóibh aistriú chuig gnéithe éagsúla i mbreisoideachas, oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina saol mar dhaoine fásta le linn dóibh caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina saol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus scoláirí ceangail idir modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid don scoláire, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt acu agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí sin foghlaim shainiúil ábhair na scoláirí a dhoimhniú, éiríonn na scoláirí níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena bhforbairt iomlánaíoch mar dhaoine.


# Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn na scoláirí ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí.




**Fíor 1:** Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo

Tugtar breac-chuntas ar an eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo faoi 'snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama'. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl sna príomhinniúlachtaí.




**Fíor 2:** Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, lena dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht

Tá na scileanna seo nasctha le chéile agus is féidir iad a chónascadh; is féidir leo feabhas a chur ar fhoghlaim fhoriomlán na scoláirí; is féidir leo cabhrú leis na scoláirí agus leis na múinteoirí naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí éagsúla foghlama; agus tá tábhacht ag baint leo tríd an gcuraclam go léir.

Cuireann forbairt litearthachtaí agus uimhearthacht na scoláirí le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht na scoláirí a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leis dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena gcuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn múinteoirí agus trí fhreagairtí na scoláirí orthu. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis na scoláirí a gcuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a gcúlra, ar a gcuid cúinsí nó ar a gcuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna acu a bpríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ar https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire/

Is féidir na príomhinniúlachtaí a fhorbairt i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta ar réimse bealaí trí rannpháirtíocht na scoláirí leis na torthaí foghlama.

I gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta, forbraíonn agus úsáideann na scoláirí an inniúlacht **smaointeoireacht agus fadhbanna a reiteach** agus iad ag diriú ar shonraí airgeadais a úsáid chun léargas a fháil ar staid airgeadais eagraíochta. Bíonn na scoláirí ag plé le faisnéis airgeadais ó réimse foinsí a bhailiú, a thaifeadadh agus a achoimriú. Déanann siad iniúchadh ar na sonraí sin chun léargas agus tuiscint níos doimhne a fháil agus is féidir leo teacht ar chonclúidí faoin staid airgeadais a bheidh acu féin nó ag gnólacht amach anseo. Trína rannpháirteachas le faisnéis agus sonraí airgeadais, is féidir leis na scoláirí iarmhairtí gearrthéarma agus fadtéarma cinntí a mheas agus is féidir leo breathnuithe, meastacháin agus ríomhanna a dhéanamh.

Tá an chumarsáid ina hinniúlacht thábhachtach den chuntasaíocht ina mbailíonn na scoláirí faisnéis agus sonraí agus ina núsáideann siad réimse uirlisí chun an fhaisnéis sin a chur in iúl go soiléir do raon éagsúil páirtithe leasmhara. Le Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta, soláthraítear deiseanna do na scoláirí an inniúlacht a fhorbairt chun comhoibriú agus **obair le daoine eile**. Trína gcuid eispéireas sa seomra ranga, foghlaimeoidh na scoláirí conas oibriú i gcomhar. Cuireann sé seo le tuiscint ar a fháil ar na buntáistí agus na dúshláin fhéideartha a bhaineann le bheith ag obair le daoine eile.

Le comhtháthú na heitice, cabhraítear lena scoláirí tuiscint níos fearr a fháil ar **rannpháirteachas sa tsochaí** nuair a chothaítear tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le hiompraíocht eiticiúil, atá bunaithe ar chearta agus freagrachtaí aonair agus comhchoiteanna, go háirithe agus iad ag déileáil le faisnéis agus sonraí airgeadais.

Tacaítear leis na scoláirí an cumas a fhorbairt chun a **bhfoghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú**, nuair a phléitear le próiseas na cuntasaíochta. Forbróidh na scoláirí rithim oibre, foghlaimeoidh siad conas freagairt go héifeachtach do staideanna airgeadais agus an cumas a chothú machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus í a mheasúnú. Le linn cuntais a ullmhú agus a léirmhíniú, sainaithníonn na scoláirí staid airgeadais gnólachta agus forbraíonn siad braistint féinéifeachtúlachta agus gnóthachtála, rud a dhaingnítear a thuilleadh tríd an gcumas chun foghlaim ó earráidí agus botúin a fhorbairt.

Leis an gcuntasaíocht, soláthraítear deis do na scoláirí a gcuid litearthachta airgeadais a fhorbairt a thuilleadh, rud lena bhfuil tábhacht do na scoláirí ina saol laethúil faoi láthair agus rud lena mbeidh tábhacht dóibh amach anseo, agus rud a thacaíonn lena gcumas cinntí airgeadais eolasacha a dhéanamh. Fágann sin gur féidir leis na scoláirí a gcuid folláine airgeadais a chothú ina saol reatha agus amach anseo.

Tá forbairt na huimhearthachta ina gné bhunúsach den chuntasaíocht, agus tríd an ábhar soláthraítear an deis do na scoláirí a gcuid tuisceana uimhriúla agus airgeadais a chomhcheangal chun faisnéis a fhorbairt, a anailísiú agus a chur in iúl. Tríd an staidéar a dhéanann na scoláirí ar an gcuntasaíocht, úsáideann siad a gcuid scileanna uimhearthachta ina saol laethúil agus i ndomhan an ghnó agus na tionscnaíochta. Tacaítear le forbairt uimhearthachta na scoláirí trína rannpháirteachas le sonraí uimhriúla agus tríd an ngá le réimse scileanna uimhriúla a úsáid lena n-áirítear ríomh agus úsáid deachúlacha, codán, céatadán agus cóimheas. Forbraítear an cumas chun fadhbanna a réiteach bunaithe ar uimhreacha agus sonraí le linn a bheith ag plé le cuntais láimhe agus ríomhairithe araon.

# Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

This specification is made up of four strands: The Fundamentals of Accounting, The Preparation and Analysis of the Financial Statements of a Sole Trader, The Preparation and Analysis of the Financial Statements of a Limited Company, and Informed Decision Making. The Fundamentals of Accounting strand contains the roots of student learning and should be the starting point for each new area of learning. The strand is designed to be woven throughout the two years of senior cycle as appropriate and the learning set out for students in this strand links with the learning in the other three strands.




**Fíor 3:** Léargas ar an tsonraíocht

Sainaithnítear dhá théama thrasghearrtha: An Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht, agus an Eitic agus an Inbhuanaitheacht sa Chuntasaíocht, ar féidir lionsa a sholáthar don fhoghlaim laistigh den tsonraíocht leis an dá cheann díobh sin agus atá idirnasctha ar feadh na foghlama de réir mar is cuí. Tugtar breac-chuntas gairid thíos ar na téamaí trasghearrtha.

## Téama a hAon: An Teicneolaíocht Dhigiteach sa Chuntasaíocht

Tá forbairt scileanna digiteacha ina téama trasghearrtha den tsonraíocht seo agus i ngach snáithe tá toradh foghlama a thugann deis do na scoláirí a gcumas a thaispeáint teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun roinnt feidhmeanna cuntasaíochta a dhéanamh. Tá forbairt na scileanna digiteacha sin ina cuid lárnach den teagasc agus den fhoghlaim agus le linn an dá bhliain foghlama ba cheart deiseanna praiticiúla a bheith ag na scoláirí chun a gcuid eolais agus scileanna digiteacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ar an mbealach sin, fiosróidh na scoláirí na croíchoincheapa sa chuntasaíocht le linn dóibh a bheith ag cur lena gcuid inniúlachta i bhfeidhmeanna cuntasaíochta digiteacha freisin.

Ag obair go neamhspleách agus i gcomhar araon, rachaidh na scoláirí ar aghaidh tríd an timthriall cuntasaíochta, agus uirlisí digiteacha á n-úsáid chun fadhbanna a réiteach, sonraí airgeadais a anailísiú, agus moltaí agus cinntí eolasacha a dhéanamh. Leis an bpróiseas sin, spreagtar an smaointeoireacht chriticiúil, cothaítear foghlaim ghníomhach agus is féidir tacú le scileanna oibre buíne a fhorbairt.

Déanfaidh na scoláirí a gcuid oibre a mheas go rialta, rachaidh siad i mbun fadhbanna a réiteach agus cosnóidh siad na cinntí agus na próisis atá mar bhonn faoina réitigh. Beidh deiseanna leanúnacha acu freisin foghlaim ón aiseolas a sholáthróidh a gcuid piaraí agus múinteoirí, agus freagairt dó.

Tá réimse na cuntasaíochta athraithe ó bhonn ag an teicneolaíocht. Gheobhaidh na scoláirí taithí phearsanta ar a tábhacht i gcleachtais chuntasaíochta nua-aimseartha, go háirithe an chaoi a bhfeabhsaíonn sí ullmhú cuntas mar gheall ar chruinneas feabhsaithe, éifeachtúlacht ó thaobh ama de, éifeachtúlacht costais, comhlíontacht, agus slándáil níos láidre. Fiosróidh siad na himpleachtaí eiticiúla a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáid sa chuntasaíocht freisin, lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann le príobháideacht sonraí, an chibearshlándáil agus an intleacht shaorga.

Maidir leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn na scoláirí le húsáid na teicneolaíochta, cuideofar leo eolas a dhéanamh dá gcuid foghlama ar fud an ábhair agus tacú lena gcuid ullmhúchán don Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise: An Chuntasaíocht Fheidhmeach.

## Téama a Dó: An Eitic agus an Inbhuanaitheacht sa Chuntasaíocht

Nuair a thugtar fócas ar phrionsabail eitice isteach, cuidítear leis na scoláirí a thuiscint gurb amhlaidh, lastall de scileanna teicniúla, atá freagracht mhorálta thar a bheith tábhachtach chun trédhearcacht agus inchreidteacht a choinneáil ar bun i gcleachtais airgeadais. Leagtar síos leis sin bunchloch mhaith le haghaidh iompraíocht ghairmiúil agus phearsanta amach anseo agus cuireann sé deis ar fáil chun luachanna agus meonta na sraithe sinsearaí a fhorbairt.

Tá aincheisteanna eitice coitianta sa chuntasaíocht (m.sh. coinbhleachtaí leasa a bhainistiú, tuairisciú macánta a chinntiú) agus dá bhrí sin, nuair a fhoghlaimítear faoin eitic, tugtar na scileanna smaointeoireachta criticiúla a theastaíonn do na scoláirí chun a mbealach a dhéanamh trí chásanna agus cinntí atá fónta agus morálta a dhéanamh.

Trí théamaí eiticiúla, cruthaítear deiseanna chun dul i mbun díospóireachtaí agus pléití, agus tuiscint níos doimhne agus machnamh ar luachanna agus freagrachtaí á gcur chun cinn. Tríd an eitic a chomhtháthú mar théama trasghearrtha, is féidir leis na múinteoirí cuidiú leis na scoláirí tuairim leathan a fhorbairt ar an gcuntasaíocht, agus béim á cur ar a ról ní hamháin i gcúrsaí gnó, ach maidir le cothroime, cuntasacht agus iontaobhas sochaíoch a chur chun cinn.

Tá an inbhuanaitheacht ina comhpháirt thar a bheith tábhachtach den chinnteoireacht i gcúrsaí gnó nua-aimseartha. Fiosróidh na scoláirí conas is féidir le prionsabail inbhuanaitheachta cúinsí airgeadais i bpróisis chinnteoireachta a chomhlánú, agus fiosróidh siad conas ba cheart sin a dhéanamh tríothu.

Le hionchuimsiú na heitice agus na hinbhuanaitheachta, spreagtar na scoláirí chun bheith ag machnamh lastall den bhrabús agus cuimhneamh ar thionchair shochaíocha níos leithne. Tríd sin cothaítear braistint freagrachta agus feasachta, lena ndéantar iad a mhúnlú ina ndaoine agus ina ngairmithe atá níos freagraí.

Ceapadh an tsonraíocht do Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta le haghaidh 180 uair an chloig ar a laghad d'am ranga. Soláthraítear forléargas ar gach snáithe, agus tábla ina dhiaidh sin. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas na scoláirí i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn na scoláirí. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil. Tá leagtha amach in Aguisín 1 gluais de na briathra gnímh atá in úsáid sa tsonraíocht. Is acmhainn luachmhar é an tAguisín ba cheart a úsáid chun tacú leis an bpleanáil don teagasc agus foghlaim chun a chinntiú go mbíonn an fhoghlaim oiriúnach don aois agus don chéim. Tá cuid de na coincheapa agus téarmaí laistigh de na torthaí foghlama marcáilte le réiltín (*) le tabhairt le fios go mínítear an coincheap tuilleadh sa ghluais téarmaí in Aguisín 2. Tugtar breac-chuntas in Aguisín 3 ar chóimheasa agus foirmlí ba cheart a úsáid don léirmhíniú, agus cuirtear iad sin ar fáil do na scoláirí sa seomra ranga agus i suíomhanna measúnaithe araon.

Ba cheart go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal mianach agus cumas féin. Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta na scoláirí de réir a chéile, rud a chuireann ar a gcumas a bpríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann siad chun cinn. Tabharfaidh scoláirí atá i mbun staidéir ar an ngnáthleibhéal agus ar an ardleibhéal araon aghaidh chriticiúil ar an gcuntasaíocht, ach beidh an comhthéacs, an fhaisnéis agus na torthaí a eascraíonn as an rannpháirtíocht sin éagsúil le chéile.

| Gnáthleibhéal | Ardleibhéal |
|---|---|
| • Forbraíonn na scoláirí an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar litearthachtaí cuntasaíochta agus airgeadais, agus an úsáid a bhaineann siad astu, rud a chuidíonn leo gnéithe bunúsacha de dhomhan an ghnó agus an airgeadais a shainaithint agus a mhíniú, de réir mar a bhaineann siad lena saol féin, le trádálaithe aonair agus le cuideachtaí. | • Forbraíonn na scoláirí eolas sofaisticiúil agus an tuiscint atá acu ar litearthachtaí cuntasaíochta agus airgeadais, agus an úsáid a bhaineann siad astu, rud a chuidíonn leo gnéithe bunúsacha de dhomhan an ghnó agus an airgeadais a shainaithint agus a mhíniú, de réir mar a bhaineann siad lena saol féin, le trádálaithe aonair agus le cuideachtaí. |
| • Ullmhaíonn na scoláirí tacair iomlána de chuntais agus earráidí agus míshonruithe teoranta ann chun na ceanglais a chomhlíonadh. | • Ullmhaíonn na scoláirí tacar iomlán de chuntais atá saor ó earráidí agus míshonruithe chun na ceanglais a chomhlíonadh. |
| • Déanann na scoláirí anailís agus meastóireacht ar na sonraí airgeadais agus sainaithníonn agus measann siad luach féideartha réimse gníomhaíochtaí i gcásanna a bhfuil cur amach acu orthu. | • Déanann na scoláirí anailís agus meastóireacht dhomhain ar na sonraí airgeadais agus sainaithníonn agus measann siad luach féideartha réimse leathan gníomhaíochtaí i gcásanna a bhfuil cur amach acu orthu agus i gcásanna nach bhfuil cur amach acu orthu. |
| • Taispeánann na scoláirí go mbaineann siad úsáid inniúil as bogearraí feidhme chun cuntais a ullmhú agus a anailísiú. | • Taispeánann na scoláirí go mbaineann siad sár-úsáid as bogearraí feidhme chun cuntais a ullmhú agus a anailísiú. |

**Tábla 1:** Dearadh torthaí foghlama don ghnáthleibhéal agus don ardleibhéal

## Snáithe 1: Bunrudaí na Cuntasaíochta

Leis an snáithe seo, tacaítear leis na scoláirí tuiscint a fhorbairt ar na prionsabail agus na luachanna príomha atá mar bhonn faoin gcuntasaíocht. Trí bheith ag plé leis an bhfoghlaim sa snáithe sin, forbróidh na scoláirí an tuiscint atá acu ar rialacha na cuntasaíochta agus beidh deiseanna acu forbairt a dhéanamh ar a gcuid eolais agus taithí ar chur i bhfeidhm praiticiúil an timthrialla cuntasaíochta agus chóras iontrála dúbailte an leabharchoimeádta, ar scileanna iad a úsáidtear a thuilleadh le linn dóibh a bheith ag plé leis an bhfoghlaim i Snáitheanna 2, 3 agus 4.

Ceapadh an snáithe seo mar fhréamhacha na sonraíochta. Tá sé beartaithe go n-amharcfaidh na scoláirí ar na coincheapa arís sa snáithe seo agus go gcuirfidh siad leo ar feadh an staidéir dhá bhliain a dhéanfaidh siad. Gheobhaidh na scoláirí léirthuiscint don luach a bhaineann le taifid bheachta agus sheasmhacha airgeadais a choinneáil, déanfaidh siad moltaí eolacha agus foghlaimeoidh siad conas idirbhearta airgeadais a thaifeadadh, agus comhardú trialach a asbhaint.

De réir mar a théann siad i mbun na foghlama sa snáithe seo, gheobhaidh na scoláirí tuiscint agus léirthuiscint don ról atá ag an gcuntasaíocht maidir le scéal airgeadais gnólachta a insint. Trí bheith ag plé leis an snáithe seo ar feadh an dá bhliain den tsraith shinsearach, gheobhaidh na scoláirí léargas agus eolas praiticiúil faoin gcaoi ar féidir le hullmhú agus anailísiú sonraí airgeadais a bheith ina gcuidiú chun eolas a dhéanamh don chinnteoireacht ní hamháin laistigh de ghnólacht, ach i saol airgeadais pearsanta an scoláire féin freisin.

Laistigh den snáithe seo agus ar fud na sonraíochta, forbróidh na scoláirí réimse cuimsitheach scileanna cuntasaíochta agus eolas teoiriciúil lena gcinntítear go bhfuil na scoláirí in ann cuntais a ullmhú agus a thuiscint de láimh agus go digiteach araon. Tá comhtháthú na teoirice agus scileanna praiticiúla cuntasaíochta tábhachtach toisc go dtacaíonn an dá cheann lena chéile agus tá siad riachtanach do thuiscint chuimsitheach ar phrionsabail chuntasaíochta agus a bhfeidhmeanna.

### Snáithe 1: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **1.1 Saol na Cuntasaíochta** | |
| • feidhm na cuntasaíochta, lena n-áirítear ról an chuntasóra maidir le faisnéis airgeadais a bhainistiú chun feidhmíocht an ghnólachta a scrúdú agus moltaí eolacha eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh. | 1. feidhm na cuntasaíochta agus ról an chuntasóra. |
| • an chuntasaíocht airgeadais agus an ról atá aici chun idirbhearta airgeadais gnólachta a thaifeadadh, a achoimriú, a léirmhíniú agus a thuairisciú; cuntasaíocht bhainistíochta lena n-áirítear costáil táirgí, buiséadú agus réamhaisnéisiú. | 2. comparáid a dhéanamh idir ról an chuntasóra airgeadais agus ról an chuntasóra bainistíochta. |
| • ábharthacht staidéar na cuntasaíochta go pearsanta agus go gairmiúil araon lena n-áirítear raon na gconairí gairme féideartha, na róil éagsúla laistigh de roinn cuntasaíochta agus na freagrachtaí a ghabhann leis na róil sin. | 3. breac-chuntas a thabhairt ar dheiseanna pearsanta agus gairmiúla difriúla a thairgtear trí staidéar a dhéanamh ar an gcuntasaíocht. |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • prionsabail na heitice (lena n-áirítear macántacht, oibiachtúlacht, inniúlacht ghairmiúil agus cúram cuí, agus rúndacht agus iompraíocht ghairmiúil). | 4. tuiscint ar phrionsabail na heitice agus tábhacht phrionsabal na heitice i gcleachtas cuntasaíochta a tha ispeáint. |
| • na ceanglais eiticiúla, dhlíthiúla agus inbhuanaitheachta ar chuntasóirí le linn dóibh faisnéis airgeadais a thuairisciú agus an chaoi a bhféadfadh sé sin tionchar a imirt ar chuntais gnólachta. | 5. comparáid a dhéanamh idir na ceanglais eiticiúla, dhlíthiúla agus inbhuanaitheachta agus cuntais á n-ullmhú. |
| **1.2 Cineálacha Struchtúr Gnó** | |
| • na foirmeacha struchtúr gnólachtaí (lena n-áirítear trádálaí aonair, Cuideachta Phríobháideach Theoranta, Cuideachta Phoiblí Theoranta agus eagraíochtaí gan beann ar bhrabús) atá ann agus an chaoi a bhfuil siad éagsúil lena chéile ar bhonn úinéireachta, dliteanais agus tuairisciúcháin. | 1. idirdhealú a dhéanamh idir foirmeacha difriúla struchtúr gnólachtaí. |
| • ról na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO), agus na ceanglais atá i bhfeidhm aici maidir le clárú agus comhdú i gcás cuideachtaí príobháideacha teoranta agus na hiarmhairtí maidir le neamhchomhlíonadh. | 2. na ceanglais atá i bhfeidhm ag CRO ar chuideachtaí maidir le clárú agus comhdú a iniúchadh. |
| **1.3 Príomhúsáideoirí faisnéise airgeadais agus ráiteas airgeadais** | |
| • idirghníomhaíocht páirtithe leasmhara (lena n-áirítear úinéirí gnólachtaí, infheisteoirí, institiúidí airgeadais, fostaithe, tomhaltóirí, soláthróirí, an pobal áitiúil agus an rialtas) le ráitis airgeadais* agus an chaoi a n-úsáideann siad ráitis airgeadais chun cuid dá riachtanais éagsúla le haghaidh faisnéise a chomhlíonadh, lena gcuirtear bonn eolais faoi phróiseas cinnteoireachta eiticiúil agus inbhuanaithe. | 1. an chaoi a n-anailísíonn agus a léirmhíníonn páirtithe leasmhara faisnéis airgeadais chun cinntí a dhéanamh a thaispeáint. |
| **1.4 Creat coincheapúil an Tuairiscithe Airgeadais*** | |
| • na coincheapa agus na prionsabail phríomha atá mar bhonn taca faoin gcuntasaíocht airgeadais (lena n-áirítear: prionsabal an eintitis gnó*, gnóthas leantach*, prionsabal na meaitseála*, stuamacht*, aitheantas ioncaim*, comhsheasmhacht* agus ábharthacht*). | 1. tuiscint ar na príomhchoincheapa agus na príomhphrionsabail atá mar bhonn taca faoin gcuntasaíocht airgeadais a chur i bhfeidhm. |
| • céimeanna an timthrialla cuntasaíochta* (lena n-áirítear gabháil sonraí ó cháipéisí foinseacha, taifeadadh sna leabhair lae, achoimriú sa mhórleabhar ginearálta, comhardú trialach a asbhaint agus cuntais deiridh a chur i láthair). | 2. céimeanna an timthrialla cuntasaíochta a aithint. |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
| --- | --- |
| **1.5 Leabharchoimeád Iontrála Dúbailte** | |
| • feidhm an leabharchoimeádta iontrála dúbailte lena sainaithnítear na cáipéisí foinseacha le haghaidh idirbheart agus lena dtugtar breac-chuntas ar an gcaoi ar cheart iad a thaifeadadh i gcomhréir leis an gcothromóid chuntasaíochta.* | 1. leabharchoimeád iontrála dúbailte, agus an chaoi a n-úsáidtear é chun idirbhearta a thaifeadadh, a mhíniú. |
| • úsáid na hiontrála dúbailte chun idirbhearta a thaifeadadh le breacadh ar na cuntais mórleabhair agus as bhaint comhardaithe thrialaigh. I measc na n-idirbheart beidh:<br>◦ iasachtaí agus iasachtaíocht<br>◦ ceannacháin/díolacháin agus aischuir amach/isteach<br>◦ Íocaíochtaí agus fáltais a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim<br>◦ dleacht allmhairithe<br>◦ lascainí amach/isteach<br>◦ fardail lena n-áirítear fardal damáistithe, earraí faoi bhealach agus earraí ar bhonn díolacháin nó aischuir.<br>◦ cúlchistí<br>◦ míreanna ioncaim agus caiteachais reatha agus caipitil<br>◦ ioncaim agus costais oibriúcháin eile lena n-áirítear fabhruithe agus réamhíocaíochtaí<br>◦ aon ioncam agus costas eile. | 2. idirbhearta a thaifeadadh agus tuiscint ar an tionchar a bhíonn ag na hidirbhearta sin ar chuntais a ghnólachta a chur i bhfeidhm. |
| • na modhanna dímheasa lena n-áirítear dímheas de réir méid cothrom agus iarmhéid laghdaitheach.<br>• sócmhainní neamhreatha a fháil, a dhiúscairt, a athluacháil agus a dhíscríobh. | 3. idirbhearta, a bhaineann le sócmhainní neamhreatha a fháil, a dhímheas, a dhiúscairt agus a athluacháil, a thaifeadadh agus an tuiscint ar na hidirbhearta sin a chur i bhfeidhm. |
| • coincheap na ndrochfhiach agus na bhfiach amhrasach lena n-áirítear drochfhiacha, drochfhiacha a díscríobhadh, drochfhiacha a gnóthaíodh, soláthar maidir le drochfhiacha agus an chaoi chun iad sin a bhainistiú sna cuntais. | 4. idirbhearta, a bhaineann le drochfhiacha agus fiacha amhrasacha, a thaifeadadh agus an tuiscint ar na hidirbhearta sin a chur i bhfeidhm. |
| • an ceanglas maidir le próiseas imréitigh bainc, lena n-áirítear ullmhú réitigh bainc, taifeadadh idirbheart arna dtionscnamh ag an bpróiseas agus a thionchar ar an gcóras iontrála dúbailte. | 5. imréiteach bainc a ullmhú agus a thionchar ar chóras na hiontrála dúbailte a thaispeáint. |
| • cuspóir, brí agus teorainneacha an chomhordaithe trialach agus conas a asbhaintear é ó chóras na hiontrála dúbailte. | 6. feidhm agus teorainneacha comhardaithe thrialaigh a shainaithint agus comhardú trialach a asbhaint. |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • na cineálacha earráidí (lena n-áirítear, earráidí easnaimh, earráidí coimisiúin, earráidí prionsabail, earráidí cúiteacha, earráidí trasuímh agus earráidí túsiontrála) a tharlaíonn agus ceartú na n-earraí i gcóras na hiontrála dúbailte le cuntais fionraí. | 7. modh cuntasaíochta ábhartha a chur i bhfeidhm chun earráidí a rinneadh i gcóras na hiontrála dúbailte a cheartú. |
| **1.6 Bainistiú Sreafaí Airgid** | |
| • an difríocht idir staid airgid agus staid bhrabúis gnólachta, tábhacht sreafaí airgid chun oibríochtaí gnó agus inmharthanacht gnólachta a choinneáil ar bun agus cobhsaíocht airgeadais a chinntiú, tionchar ganntanas airgid agus an tábhacht a bhaineann le scileanna praiticiúla maidir le bainistiú sreafaí airgid a fhorbairt. | 1. tuiscint a thaispeáint ar an tábhacht a bhaineann le bainistiú sreafaí airgid i dtaobh inmharthanacht gnólachta. |
| • straitéisí le haghaidh bainistiú éifeachtach sreafaí airgid lena n-áirítear buiséadú, réamhaisnéisiú, cúlchistí fiach agus cúlchistí airgid, bainistiú ioncaim infhála agus costas iníoctha.<br>• tionchar an bhainistithe sreafaí airgid ar phríomhchinntí airgeadais, lena n-áirítear deiseanna infheistíochta agus roghanna maoinithe, fad a aithnítear an gá le cinnteoireacht eiticiúil agus inbhuanaithe. | 2. míniú a thabhairt ar an gcaoi a n-imríonn bainistiú sreafaí airgid tionchar ar phríomhchinntí airgeadais agus straitéisí le haghaidh bainistiú sreafaí airgid stuama a shainaithint. |
| • na hiarmhairtí féideartha atá ag drochbhainistiú sreafaí airgid do ghnólacht, lena n-áirítear an riosca dócmhainneachta agus éagumas oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh. | 3. na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag drochbhainistiú sreafaí airgid ar ghnólachta thaispeáint. |
| **1.7 Déileáil le Cánachas Pearsanta agus Gnó**[1] | |
| • na cánacha a bhféadfadh duine aonair agus gnólacht a bheith faoi dhliteanas ina leith (lena n-áirítear cáin ioncaim, íoc mar a thuillir (ÍMAT), árachas sóisialach pá-choibhneasa (ÁSPC) fostaithe agus fostóirí, an muirear sóisialta uilíoch (MSU), cáin mhaoine áitiúil, cáin fáltas caipitiúil, cáin bhreisluacha (CBL), dleachtanna allmhairithe agus cáin chorparáide). | 1. sainaithint a dhéanamh ar na cineálacha difriúla cánach nach mór do dhuine aonair, trádálaí aonair agus cuideachta iad a íoc. |

[1] Éilítear ar na scoláirí a bheith ag plé le cánachas pearsanta agus gnó reatha lena chinntiú go bhfiosróidh siad faisnéis ábhartha de réir mar a bhaineann sí leis na dliteanais chánach atá ann faoi láthair. I gcás ina dtugtar cánachas ábhartha isteach nó ina n-asbhaintear é i gCáinaisnéis Náisiúnta le linn an dá bhliain den staidéar, is féidir leis na scoláirí plé leis na bearta cánachais atá ann cheana nó leis na cinn is nuaí.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • na creidmheasanna cánach a bhféadfaidh duine aonair a bheith ina dteideal (lena n-áirítear creidmheas cánach pearsanta, creidmheas cánach fostaithe, creidmheas cánach cíosa, creidmheas cánach aoise agus costais ráta chomhréidh).<br>• na céimeanna atá i gceist agus an fhaisnéis a theastaíonn chun úsáid a bhaint as Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)/Mo Chúrsaí chun creidmheasanna cánach a éileamh agus tuairisceáin cánach ioncaim a chur isteach. | 2. cur i bhfeidhm na gcéimeanna a bhaineann le creidmheasanna cánach a chur isteach, a leasú agus a éileamh ó na Coimisinéirí Ioncaim, agus le Ráiteas Dliteanais a ullmhú. |
| • na comhpháirteanna de dhuillín pá, lena n-áirítear pá comhlán, asbhaintí, creidmheasanna cánach, ÁSPC fostóirí agus glanphá. | 3. tuiscint a chur i bhfeidhm maidir leis na comhpháirteanna de dhuillín pá. |
| • cánachas gnó lena n-áirítear dleachtanna allmhairithe, CBL agus cáin chorparáide, an próiseas a bhaineann le CBL a ghearradh agus a éileamh, agus an chaoi a dtaifeadtar sin i gcóras na hiontrála dúbailte. | 4. tuiscint a thaispeáint ar chánachas gnó agus an chaoi a dtaifeadtar é. |
| **1.8 Ról na Teicneolaíochta sa Chuntasaíocht**<br>• tábhacht na teicneolaíochta le haghaidh cleachtais chuntasaíochta agus ról na teicneolaíochta maidir le feabhas a chur ar ullmhú cuntas lena n-áirítear cruinneas níos fearr, coigilteas ama, éifeachtúlacht costais, comhlíontacht agus slándáil níos fearr, na himpleachtaí eiticiúla a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta sa chuntasaíocht, lena n-áirítear príobháideacht sonraí, an chibearshlándáil, Intleacht Shaorga (IS) agus an tionchar ar an gcuntasaíocht. | 1. breac-chuntas a thabhairt ar thábhacht na teicneolaíochta sa chuntasaíocht agus ar na himpleachtaí eiticiúla a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáid sa chuntasaíocht. |
| • an tábhacht a bhaineann le bearta bainistithe sonraí, lena n-áirítear bearta cúltaca agus slándála i gcomhthéacs theicneolaíocht na cuntasaíochta. | 2. tuiscint ar an ngá le bainistíocht sonraí a thaispeáint. |
| **1.9 Scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint**<br>• úsáid bogearraí feidhme lena n-áirítear sonraí a iontráil, foirmlí cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm, agus oibriú le scarbhileoga iomadúla agus an chaoi ar féidir iad a úsáid chun córais na hiontrála dúbailte a ullmhú. | 1. scileanna digiteacha a úsáid chun do chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le córais na hiontrála dúbailte. |

# Snáithe 2: Ráitis Airgeadais Trádálaí Aonair a Ullmhú agus a Anailísiú

Tá Snáithe a Dó dírithe ar an múnla gnó trádálaí aonair agus ráitis airgeadais ábhartha a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú. De réir mar a fhorbraíonn siad an t-eolas bunúsach ó Shnáithe a hAon, cuireann na scoláirí tuiscint níos doimhne ar an gcaoi a soláthraíonn ráitis airgeadais pictiúr soiléir ar staid airgeadais agus feidhmíocht airgeadais trádálaí aonair.

Príomhghné den snáithe seo ná forbairt na scileanna cuntasaíochta praiticiúla, de réir mar a ullmhaíonn na scoláirí ráitis airgeadais de láimh agus le huirlisí digiteacha araon. Tacaíonn ann cur chuige déach sin le fás a gcuid cumais agus muiníne agus iad ag obair le sonraí airgeadais i réimse éagsúil comhthéacsanna ón saol réadúil. Beidh na scoláirí in ann a gcuid foghlama ó Bhunrudaí na Cuntasaíochta a úsáid de réir mar a phléifidh siad leis na sonraí airgeadais a bhaineann le trádálaí aonair a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú.

Anuas ar na comhpháirteanna praiticiúla, pléifidh na scoláirí le coincheapa teoriciúla tábhachtacha freisin, lena n-áirítear comparáid idir gnólachtaí trádálaí aonair agus cuideachtaí. Is éard atá i gceist leis sin scrúdú a dhéanamh ar na difríochtaí sna ceanglais tuairiscithe airgeadais, rud a chabhraíonn leis na scoláirí na hidirdhealuithe dlíthiúla agus struchtúrtha is leithne idir cineálacha gnólachtaí a thuiscint.

Nuair a anailíseoidh agus a léirmhíneoidh siad ráitis airgeadais, ní hamháin go ndéanfaidh na scoláirí measúnú ar fhaisnéis airgeadais maidir le feidhmíocht gnólachta ach foghlaimeoidh siad conas moltaí airgeadais eolacha eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh freisin. Léiríonn na moltaí sin tuiscint ar shláine airgeadais agus tacaíonn siad le cinnteoireacht níos fearr i gcomhthéacs gnó.

## Snáithe 2: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **2.1 Gnólachtaí Trádálaí Aonair**<br>• saintréithe gnólachta trádálaí aonair agus an tábhacht a bhaineann le taifid chuntasaíochta chruinne a choimeád i gcás gnólacht trádálaí aonair i gcomhréir le prionsabail eitice. | 1. tuiscint ar ghnólacht trádálaí aonair, agus an tábhacht a bhaineann le taifid chuntasaíochta chruinne a choimeád, a thaispeáint. |
| **2.2 Ráitis airgeadais a ullmhú**<br>• Ráitis Airgeadais* trádálaí aonair a ullmhú lena náirítear Ráiteas Brabúis agus Caillteanais agus Ráiteas Staide Airgeadais, agus úsáid á baint as comhardú trialach, agus coigeartuithe deiridh bliana a dhéanamh.<br>• míreanna a bhaineann go sonrach le trádálaí aonair a bhainistiú, lena n-áirítear tarraingtí arna dtógáil ag an úinéir i bhfoirm stoic, airgid thirim, costais a íocadh nó sócmhainní neamhreatha. | 1. tacar de ráitis airgeadais gnólachta trádálaí aonair a ullmhú. |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
| --- | --- |
| **2.3 An Chuntasaíocht le haghaidh Taifid Neamhiomlána** | |
| • coincheap na dtaifead neamhiomlán agus staideanna inar féidir go dtarlóidh siad agus an tionchar a bhíonn aige sin ar ghnólacht. | 1. tuiscint a thaispeáint ar thaifid neamhiomlána agus an tionchar ar chuntais gnólachta. |
| • an fhaisnéis airgeadais ó cháipéisí foinseacha a theastaíonn chun cuntas rialúcháin cuntas infhála agus cuntas rialúcháin cuntas iníoctha a ullmhú, chomh maith le mórleabhair riachtanacha eile, chun tacar ráiteas airgeadais a ullmhú. | 2. cuntais mhórleabhair riachtanacha a ullmhú le cáipéisí foinseacha agus aon fhaisnéis bhreise atá ar fáil.<br>3. ráitis airgeadais a ullmhú. |
| **2.4 Ráitis Airgeadais Trádálaí Aonair a Léirmhíniú** | |
| • na príomh-chomhpháirteanna de ráitis airgeadais, na láidreachtaí agus na laigí a nochtar leo faoi fheidhmíocht agus staid airgeadais trádálaí aonair. | 1. anailís a dhéanamh ar ráitis airgeadais trádálaí aonair. |
| • feidhm, léirmhíniú, agus feidhmiú cóimheas airgeadais,[2] lena n-áirítear an chaoi le hiad a ríomh agus úsáid á baint as foirmlí tugtha, agus na buntáistí agus na srianta a ghabhann leo a mheasúnú maidir le measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais gnólachta faoi na ceannteidil brabúsacht, gníomhaíocht agus leachtacht. | 2. cóimheasa tugtha a ríomh agus breac-chuntas a thabhairt ar a bhfeidhm, a mbuntáistí agus a srianta.<br>3. treochtaí a shainaithint le himeacht aimsire, réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú a mheasúnú agus moltaí eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh. |
| • anailís a dhéanamh ar shonraí airgeadais le himeacht aimsire chun treochtaí a shainaithint, feidhmíocht gnólachta a mheasúnú, agus moltaí eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh. | |
| • comharthaí na róthrádála* agus réitigh fhéideartha eiticiúla is féidir le gnólacht a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar róthrádáil. | 4. cuntas a iniúchadh le haghaidh comharthaí róthrádála agus réitigh eiticiúla a mholadh. |
| **2.5 Comparáid a dhéanamh idir Trádálaí Aonair agus Cuideachta Theoranta** | |
| • na cúiseanna le hathrú ó thrádálaí aonair chuig cuideachta theoranta lena n-áirítear dliteanas teoranta, rochtain ar mhaoiniú agus impleachtaí cánachais. | 1. an fáth a bhféadfadh trádálaí aonair a chinneadh clárú mar chuideachta theoranta a mhíniú. |
| • na ceanglais tuairiscithe airgeadais agus na himpleachtaí cánach (lena n-áirítear an ceangal ar chuideachtaí cáin chorparáide a íoc) a bhaineann le bheith ag trádáil mar chuideachta theoranta seachas trádálaí aonair. | 2. breac-chuntas a thabhairt ar na ceanglais tuairiscithe bhreise ar chuideachta theoranta. |

[2] Tugtar na cóimheasa agus a bhfoirmlí in Aguisín 3.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • na ceanglais ar chuideachta chun CCB (Cruinniú Cinn Bliana) a reáchtáil agus cuntais iniúchta a chur faoi bhráid scairshealbhóirí ag an CCB i gcás inarb infheidhme. | 3. breac-chuntas a thabhairt ar na ceanglais CCB ar chuideachta. |
| • na himpleachtaí dlíthiúla atá ann do stiúrthóirí cuideachta a leanann de bheith ag trádáil cé go bhfuil an chuideachta dócmhainneach nó a fhéachann leis an gcuideachta a thrádáil as an dócmhainneacht. | 4. breac-chuntas a thabhairt ar na himpleachtaí atá ann do stiúrthóirí cuideachta a leanann de bheith ag trádáil nuair atá an chuideachta dócmhainneach. |
| **2.6 Scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint** | |
| • úsáid bogearraí feidhme lena n-áirítear sonraí a iontráil, foirmlí uimhriúla agus coinníollacha cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm, oibriú le scarbhileoga iomadúla agus cairteacha agus graif a ullmhú, agus an chaoi ar féidir é sin a úsáid chun ráitis airgeadais trádálaí aonair a ullmhú, a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú chun bonn eolais a chur faoi mholtaí agus faoin gcinnteoireacht. | 1. scileanna digiteacha a úsáid chun do chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le ráitis airgeadais trádálaithe aonair. |

# Snáithe 3: Ráitis Airgeadais Cuideachta Teoranta a Ullmhú agus a Anailísiú

Tá snáithe a trí dírithe ar airgeadas cuideachta teoranta. Sa snáithe seo, foghlaimeoidh na scoláirí faoi na ráitis airgeadais, agus pléifidh siad leo, ar ráitis airgeadais iad atá ina gcuidiú le léargas airgeadais cuideachta a thaispeáint. Foghlaimeoidh na scoláirí conas ráitis airgeadais cuideachta a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú. Gheobhaidh siad tuiscint luachmhar ar an gcaoi a bhfeidhmíonn cuideachtaí, chomh maith le bheith ag foghlaim faoin gcaoi le faisnéis airgeadais a chur in iúl agus a léirmhíniú, agus moltaí eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh maidir le feidhmíocht cuideachta, do na páirtithe leasmhara cuí.

Forbróidh na scoláirí tuiscint ar Chreat Rialála na Cuntasaíochta, agus na ceanglais dhlíthiúla agus eiticiúla ar chuideachtaí. Tacaíonn an tuiscint sin le forbairt na scileanna cuntasaíochta praiticiúla mar soláthraítear an comhthéacs riachtanach maidir leis an gcaoi agus an fáth nach mór faisnéis airgeadais a ullmhú agus a chur i láthair. Beidh na scoláirí in ann a gcuid foghlama ó Bhunrudaí na Cuntasaíochta a úsáid de réir mar a phléifidh siad leis na sonraí airgeadais a bhaineann le cuideachta theoranta a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú.

Cuirfidh na scoláirí feidhmeanna cuntasaíochta an tsnáithe seo i gcrích agus cuir chuige láimhe agus dhigiteacha araon á n-úsáid, rudaí a bheidh ina gcuidiú chun a gcuid cumais agus muiníne a fhorbairt maidir le déileáil le sonraí airgeadais. De réir mar a fhorbraíonn agus a úsáideann siad a gcuid eolais agus tuisceana cuntasaíochta, beidh siad in ann comparáid a dhéanamh idir ceanglais chuntasaíochta cuideachta teoranta agus ceanglais cuideachta, rud a chuideoidh lena gcuid tuisceana ar thábhacht na cuntasaíochta i gcúrsaí gnó a dhoimhniú.

## Snáithe 3: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **3.1 Creat Dlíthiúil agus Rialála na Cuntasaíochta** | |
| • an gá le cruinneas, comhsheasmhacht agus trédhearcacht i ráitis airgeadais i gcomhréir le prionsabail eiticiúla.<br>• an ról atá ag caighdeáin chuntasaíochta maidir le hinchomparáideacht ráiteas airgeadais a chinntiú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. | 1. breac-chuntas a thabhairt ar an ngá le cruinneas, comhsheasmhacht agus trédhearcacht i ráitis airgeadais. |
| • an ról atá ag caighdeáin chuntasaíochta maidir le hinchomparáideacht ráiteas airgeadais a chinntiú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. | 2. cur i bhfeidhm caighdeán cuntasaíochta a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais a thaispeáint. |
| • an ról atá ag stiúrthóirí agus iniúchóirí agus a bhfreagrachtaí chun sláine an tuairiscithe airgeadais agus comhlíontacht a choinneáil ar bun. An tuarascáil iniúchóra* a thugann an t-iniúchóir i ndeireadh a rannpháirteachais iniúchóireachta. | 3. tuiscint a thaispeáint ar ról agus freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí agus breac-chuntas a thabhairt ar phróiseas iniúchta. |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **3.2 Prionsabail agus Cleachtas do Chuideachtaí Príobháideacha Teoranta** | |
| • Ráitis Airgeadais cuideachta teoranta a ullmhú, i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta, lena n-áirítear Ráiteas Brabúis agus Caillteanais agus Ráiteas Staide Airgeadais, agus úsáid á baint as comhardú trialach, agus coigeartuithe deiridh bliana a dhéanamh.<br>• Míreanna a bhaineann go sonrach le cuideachtaí a bhainistiú (lena n-áirítear díbhinní agus cúlchistí, eisiúint scaireanna, scairchaipitil (gnáthscaireanna agus scaireanna tosaíochta) agus cánach corparáide.). | 1. ráitis airgeadais cuideachta teoranta a ullmhú. |
| • feidhm na nótaí (lena n-áirítear beartas dímheasa*, teagmhais iarchláir chomhardaithe*, tuairisciú deighilteach*, dliteanais theagmhasacha* agus réadmhaoin, gléasra agus trealamh*). | 2. ábharthacht na nótaí ainmnithe ar na ráitis airgeadais a mhíniú. |
| • Ráiteas Sreafaí Airgid, a thaispeánann tionchar na míreanna neamhairgid i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta. | 3. ráiteas Sreafaí Airgid a ullmhú. |
| • an difríocht idir seasamh airgid thirim cuideachta agus a staid bhrabúis. | 4. comparáid a dhéanamh idir staid bhrabúis agus airgid thirim cuideachta. |
| • tionchair dhearfacha agus dhiúltacha fiachais ar staid airgeadais agus struchtúir úinéireachta na cuideachta. | 5. breac-chuntas a thabhairt ar thionchair dhearfacha agus dhiúltacha fiachais. |
| **3.3 Cuntais a Léirmhíniú** | |
| • na príomh-chomhpháirteanna de ráitis airgeadais, lena n-áirítear nótaí, na láidreachtaí agus na laigí a nochtar leo faoi fheidhmíocht agus staid airgeadais cuideachta teoranta. | 1. ráitis airgeadais cuideachta teoranta a anailísiú. |
| • feidhm, léirmhíniú, agus feidhmiú cóimheas airgeadais,[3] lena n-áirítear an chaoi le hiad a ríomh agus úsáid á baint as foirmlí tugtha, agus measúnú a dhéanamh ar na buntáistí agus na srianta a ghabhann leo maidir le measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais gnólachta faoi na ceannteidil brabúsacht, gníomhaíocht, leachtacht, sócmhainneacht agus infheisteoirí. | 2. na cóimheasa tugtha a ríomh agus breac-chuntas a thabhairt ar fheidhm, buntáistí agus srianta cóimheas tugtha.<br>3. treochtaí a shainaithint le himeacht aimsire nó idir cuideachtaí, réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú a mheasúnú agus moltaí eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh. |
| • anailís a dhéanamh ar shonraí airgeadais le himeacht aimsire chun treochtaí a shainaithint, feidhmíocht gnólachta a mheasúnú, agus moltaí eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh. | |

[3] Tugtar na cóimheasa agus a bhfoirmlí in Aguisín 3.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • táscairí neamhairgeadais lena n-áirítear saincheisteanna eacnamaíocha, earnála, inbhuanaitheachta agus eitice agus an tionchar a bheidh acu sin ar fheidhmíocht cuideachta. | **4.** an tionchar a bhíonn ag táscairí neamhairgeadais ar fheidhmíocht na cuideachta a scrúdú. |
| • comharthaí na róthrádála* agus réitigh fhéideartha eiticiúla is féidir le gnólacht a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar róthrádáil. | **5.** tacar cuntas a iniúchadh le haghaidh comharthaí róthrádála agus réitigh a mholadh. |
| **3.4 Ráitis Airgeadais a Chomhdú** | |
| • an próiseas a bhaineann le cuntais cuideachta teoranta a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachta (CRO) in Éirinn i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla agus rialála agus na hiarmhairtí féideartha lena n-áirítear pionóis agus na hiarmhairtí dlíthiúla a bhaineann le mainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. | **1.** na céimeanna a bhaineann le cuntais cuideachta teoranta a chomhdú a shainaithint agus breac-chuntas a thabhairt ar na hiarmhairtí ábhartha mura gcomhlíontar ceanglais chomhdúcháin. |
| • na ceanglais ar chuideachta theoranta tuairisciú ar inbhuanaitheacht. | **2.** breac-chuntas a thabhairt ar na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta ar chuideachta. |
| **3.5 Scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint** | |
| • úsáid bogearraí feidhme lena n-áirítear sonraí a iontráil, foirmlí cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm, oibriú le scarbhileoga iomadúla agus cairteacha agus graif a ullmhú, agus an chaoi ar féidir é sin a úsáid chun ráitis airgeadais cuideachta teoranta a ullmhú, a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú chun bonn eolais a chur faoi mholtaí agus faoin gcinnteoireacht. | **1.** scileanna digiteacha a úsáid chun do chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le ráitis airgeadais cuideachtaí teoranta. |

## Snáithe 4: Cinnteoireacht Eolasach

Sa snáithe seo, fiosróidh na scoláirí ról na cuntasaíochta bainistíochta agus conas a sholáthraítear príomhfhaisnéis airgeadais leis sin le haghaidh cinnteoireacht ghearrthéarma, mheántéarma agus fhadtéarma i gcúrsaí gnó. Úsáidtear an fhaisnéis sin chun cinntí gnó eolacha a dhéanamh, oibríochtaí a phleanáil agus a rialú, agus feidhmíocht airgeadais fhoriomlán a fheabhsú. Tríd an bhfoghlaim sa snáithe seo, tacaítear leis na scoláirí chun cásanna difriúla a scrúdú agus an cumas a fhorbairt chun cinntí eolasacha a dhéanamh.

Trína rannpháirteachas leis an bhfoghlaim sa snáithe seo, gheobhaidh na scoláirí léargas luachmhar ar an bpróiseas costála. Foghlaimeoidh na scoláirí conas prionsabail na costála a chur i bhfeidhm chun cuidiú leo na cuir chuige chearta a shainaithint le haghaidh gnólachta agus fiosróidh siad an ról lárnach atá ag buiséadú agus rialú buiséadach sa phleanáil ar fud na ngnólachtaí uile. Tríd sin, foghlaimeoidh na scoláirí faoi na buntáistí agus na deiseanna a bhaineann le samhlacha buiséadacha éifeachtachta agus cruinne a ullmhú. Tá an snáithe seo ina cuidiú ag na scoláirí chun teorainneacha an bhuiséadaithe agus tionchar na cinnteoireachta a aithint bunaithe ar mheastacháin ar fheidhmíocht amach anseo.  Beidh na scoláirí in ann a gcuid foghlama ó Bhunrudaí na Cuntasaíochta a úsáid de réir mar a phléifidh siad leis na sonraí airgeadais a bhaineann le feidhmiú inmheánach gnólachta a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú.

Úsáidfidh na scoláirí scileanna cuntasaíochta láimhe agus digiteacha araon ar fud an tsnáithe seo chun anailís chóimheá a ullmhú agus a choigeartú, agus ullmhóidh agus coigeartóidh siad táirgeadh, ceannacháin, díolacháin agus buiséid airgid thirim.  Taispeánfaidh na scoláirí athruithe costas imeallach bunaithe ar leibhéil táirgeachta dhifriúla agus, ar an mbealach sin, soláthróidh siad faisnéis airgeadais luachmhar do bhainisteoirí chun tacú le moltaí agus cinntí oibríochtúla agus gnó eolasacha, eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh.

### Snáithe 4: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
| --- | --- |
| **4.1 Rangú Costais** | |
| • na ranguithe costais éagsúla lena n-áirítear costais dhíreacha, costais indíreacha, costais ábhartha, costais neamhábhartha, costais bháite* agus deischostais. | 1. tuiscint ar thionchar na ranguithe costais ar chinntí gnó a thaispeáint. |
| • ranguithe costais a chur i bhfeidhm maidir le cinntí gnó éagsúla, lena n-áirítear cinntí déan/ceannaigh*, leanúint/scor táirge agus leithdháileadh acmhainní. Úsáid deischostas sa phróiseas cinnteoireachta chun na cuir chuige mhalartacha a mheasúnú. | 2. cuir chuige mhalartacha a mheasúnú chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht. |
| • gnéithe neamhairgeadais lena n-áirítear inbhuanaitheacht agus freagracht shóisialta nach mór a mheas sa phróiseas cinnteoireachta. | 3. measúnú a dhéanamh ar na gnéithe neamhairgeadais nach mór cuimhneamh orthu agus cinneadh gnó á dhéanamh. |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **4.2 Jabchostáil agus Costáil Ionsúcháin** | |
| • an chaoi a n-úsáidtear costáil ionsúcháin i gcúrsaí gnó chun cabhrú le pleanáil agus cinnteoireacht.<br>• na costais dhíreacha agus indíreacha a bhaineann le táirgeadh agus soláthar seirbhíse lena n-áirítear costas na nábhar, costas an tsaothair, forchostais sheasta agus athraitheacha agus an chaoi le costáil ionsúcháin a úsáid chun costais a shannadh do tháirgí nó do sheirbhísí. | 1. tuiscint ar phrionsabail na costála ionsúcháin a chur i bhfeidhm chun costais a shannadh chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil agus cinnteoireacht. |
| • jabchostáil agus an ról atá aige maidir le costas jab nó próisis táirgthe a ríomh. | 2. costas jab a ríomh an tionchar ar bhrabúsa thaispeáint. |
| **4.3 Costáil Imeallach** | |
| • costáil imeallach agus an chaoi a bhfuil sé luachmhar i bpleanáil ghnó agus cinnteoireacht. | 1. tuiscint ar chostáil imeallach a chur i bhfeidhm agus an chaoi a bhfuil sé difriúil le costáil ionsúcháin a thaispeáint. |
| • coincheap an chion tairbhe agus ríomh an chion tairbhe ó shonraí tugtha faoi chostais sheasta, costais athraitheacha, costais mheasctha agus praghas díola gnólachta agus a thionchar ar an bpointe cóimheá. | 2. tuiscint a thaispeáint ar an gcion tairbhe in aghaidh an aonaid. |
| • an pointe cóimheá, mar an pointe nach bhfuil brabús ná caillteanas á dhéanamh ag an ngnólacht, ach ag a gclúdaítear na costais uile. Tionchar an phointe cóimheá ar an gcinnteoireacht.<br>• coincheap agus ríomh na lamhála sábháilteachta agus an tábhacht atá léi agus leibhéil táirgeachta á bpleanáil. | 3. tuiscint a thaispeáint ar an bpointe cóimheá agus an lamháil sábháilteachta agus an rud atá i gceist leo i gcás gnólachta. |
| • anailís chóimheá a choigeartú chun staideanna difriúla a shamhaltú lena n-áirítear athruithe ar chostais, díolacháin, praghas, sprioc-ioncam agus spriocbhrabús chun moltaí eolacha eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh agus a mheasúnú maidir le straitéisí praghsála agus táirgthe. | 4. anailís chóimheá a ullmhú agus a choigeartú chun cásanna éagsúla a shamhaltú agus a mheasúnú chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht. |
| **4.4 Buiséadú Díolachán, Táirgeachta agus Airgid Thirim** | |
| • feidhm agus tábhacht an bhuiséadaithe do ghnólacht.<br>• Buiséid Chostais agus Buiséid Airgid maidir le díolacháin, ceannacháin, saothar agus monaraíochta. | 1. tuiscint ar bhuiséadú a thaispeáint agus breac-chuntas a thabhairt ar fheidhm agus tábhacht gach cineáil buiséid. |
| • buiséid chostais a ullmhú maidir le díolacháin, táirgeadh, ceannacháin (lena n-áirítear amhábhair agus earraí críochnaithe), saothar agus monaraíocht agus moltaí eolacha eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh. | 2. buiséid a ullmhú agus a anailísiú, agus an gaol eatarthu a shainaithint. |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| • an buiséad airgid a ullmhú, agus tréimhsí agus cúiseanna barrachas nó easnamh a shainaithint agus moltaí eolacha eiticiúla agus inbhuanaithe a dhéanamh. | 3. buiséad airgid a ullmhú agus a anailísiú. |
| • Ráiteas Brabúis agus Caillteanais agus Ráiteas Staide Airgeadais Bhuiséadaithe a ullmhú. | 4. ráitis airgeadais bhuiséadaithe a ullmhú agus a anailísiú. |
| • an ról atá ag Institiúidí Airgeadais mar sholáthraithe maoinithe gnó sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun cabhrú le bainistiú leachtachta agus sócmhainneachta. Na cuir chuige eiticiúla is féidir le gnólacht a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh agus barrachais airgid thirim. | 5. míniú a thabhairt ar conas a chuidíonn institiúidí airgeadais le gnólachtaí maidir le déileáil le barrachais nó easnaimh. |
| **4.5 Scileanna cuntasaíochta digiteacha a thaispeáint** | |
| • úsáid bogearraí feidhme lena n-áirítear sonraí a iontráil, foirmle chuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm, oibriú le scarbhileoga iomadúla agus cairteacha agus graif a ullmhú agus an chaoi ar féidir leo iad a úsáid chun anailís chóimheá agus buiséid a ullmhú, a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú, agus athruithe ar chostáil imeallach agus costáil ionsúcháin a thaispeáint chun bonn eolais a chur faoi mholtaí agus cinnteoireacht. | 1. scileanna digiteacha a úsáid chun do chuid foghlama a chur i bhfeidhm maidir le feidhmeanna cuntasaíochta bainistíochta. |

# Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire

Leis na torthaí foghlama ar a dtugtar breac-chuntas sa tsonraíocht spreagtar cuir chuige teagaisc agus foghlama éagsúla a úsáid chun eispéireas dinimiciúil agus tarraingteach a chinntiú do na scoláirí. Ar na cuir chuige sin, áirítear saincheisteanna a phlé, fadhbanna a réiteach agus uirlisí bogearraí a úsáid, smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh, oibriú i gcomhar agus cinntí gnó eolasacha a bhfuil údar maith leo a dhéanamh.

Agus pleanáil á déanamh don teagasc agus don fhoghlaim, tá sé tábhachtach cuimhneamh ar conas a phléifidh na scoláirí le Snáithe 1, Bunrudaí na Cuntasaíochta, ar feadh an dá bhliain den staidéar. Is féidir leis na múinteoirí an snáithe seo a úsáid mar bhunchloch foghlama agus tuiscint na scoláirí a dhoimhniú ansin trína nascadh leis na trí shnáithe eile. Ach cur chuige forbartha a ghlacadh, le teagmháil athfhillteach le príomh-choincheapa i gcomhthéacsanna éagsúla le himeacht aimsire, cinntítear go dtógann na scoláirí bonn eolais láidir agus seasmhach.

De réir mar a théann na scoláirí chun cinn ina gcuid foghlama, forbróidh siad réimse de phríomhinniúlachtaí agus de phríomhlitearthachtaí atá inaistrithe trasna tascanna difriúla agus disciplíní difriúla. A bhuí leis na scileanna sin, beidh siad in ann naisc thábhachtacha a dhéanamh idir Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta, ábhair eile, domhan dinimiciúil an airgeadais agus a saol laethúil féin. Ba cheart do na múinteoirí cuidiú leis na scoláirí na scileanna atá á bhforbairt acu a aithint agus treoir a sholáthar maidir le conas na scileanna sin a chleachtadh agus a bheachtú go héifeachtach.

Ba cheart do mhúinteoirí réimse leathan cur chuige a úsáid lena gcothaítear inniúlacht maidir le coincheapa bunúsacha agus cumas na scoláirí sa chuntasaíocht, sa tuairisciú, sa léirmhíniú agus sa chinnteoireacht á fhorbairt. Ba cheart na scoláirí a spreagadh chun an t-eolas agus na scileanna a fhaigheann siad a cheangal le comhthéacsanna gnó sa saol mar atá. Trí aird a tharraingt ar an nasc idir an chuntasaíocht agus a cuir i bhfeidhm lastall den seomra ranga, cuideofar leis na scoláirí luach an ábhair a léirthuiscint – ní hamháin mar ábhar scoile ach mar thairseach chuig deiseanna pearsanta agus gairmiúla sa domhan níos leithne.

Trí fhorbairt a dhéanamh ar an gcumas chun oibriú le daoine eile agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach tríd an rogha gníomhaíochtaí foghlama sa seomra ranga, is féidir tacú leis na scoláirí forbairt a dhéanamh ar na saintréithe is gá dóibh sin atá ag plé le cleachtas na cuntasaíochta ós rud é go bhfuil sé dírithe níos mó ar an gcliant anois agus go bhfuil ardleibhéal comhoibrithe agus cumarsáide de dhíth chuige sin.

Tá úsáid na teicneolaíochta digití fite fuaite sna ceithre shnáithe sa tsonraíocht agus tacaítear leis na scoláirí tríd sin chun an cumas agus an mhuinín a fhorbairt le bogearraí feidhme a úsáid chun sonraí agus faisnéis airgeadais a ullmhú, a anailísiú agus a léirmhíniú. Forbraítear na scileanna sin de réir a chéile le himeacht aimsire agus leis na torthaí foghlama trasna na ceithre shnáithe soláthraítear deis do na scoláirí a gcuid tuisceana ar an gcuntasaíocht a chur i bhfeidhm fad atá siad ag obair le sonraí agus/nó faisnéis airgeadais de láimh agus go digiteach araon. Trí shonraí nó faisnéis airgeadais a ullmhú, a anailísiú, a mheasúnú agus a léirmhíniú de láimh agus go digiteach araon, cuidítear le tuiscint na scoláirí ar an gcuntasaíocht a chomhdhlúthú agus trí úsáid a bhaint as bogearraí feidhme, soláthraítear deiseanna freisin chun faisnéis airgeadais a chur i láthair agus sonraí agus léargas príomha a chur in iúl.

# Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a fháil amach na scoláirí trí churaclam éagsúil, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis na scoláirí agus leis na múinteoirí na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis do na múinteoirí agus do na scoláirí atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú don teistiúcháin bunaithe ar an réasúnaíocht, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis (CMB): An Chuntasaíocht Fheidhmeach. Beidh an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Beidh comhpháirt na Cuntasaíochta Feidhmí bunaithe ar threoir chomónta. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

Sa scrúdú scríofa, déanfar measúnú ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta ar dhá leibhéal, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal (Tábla 2). Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh na scoláirí foghlaim atá cuí don leibhéal. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar do na scoláirí atá i mbun scrúduithe ag leibhéil dhifriúla.

| Comhpháirt mheasúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| An Chuntasaíocht Fheidhmeach | 40% | Treoir chomónta |
| Scrúdú scríofa | 60% | Ardleibhéal agus gnáthleibhéal |

**Tábla 2:** Achoimre an mheasúnaithe i gcomhair teistiúcháin

## Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis: An Chuntasaíocht Fheidhmeach

Tá Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) na Cuntasaíochta Feidhmí ceaptha na scoláirí a spreagadh agus tacú leo a gcuid eolais ar an gcuntasaíocht a thaispeáint, chomh maith le scileanna na scoláirí ina leith agus an tuiscint atá acu uirthi, trí phrionsabail chuntasaíochta a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Soláthraítear deis léi feidhmeanna praiticiúla ón saol mar atá a chomhtháthú i bhfoghlaim na scoláirí. Tríd an gcomhpháirt sin, pléann na scoláirí le cásanna airgeadais réalaíocha oiriúnaithe, agus a gcumas á thaispeáint acu sonraí cuntasaíochta a bhainistiú, a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú. Nuair a dhéanann siad amhlaidh, sainaithneoidh na scoláirí staid airgeadais reatha agus an staid airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag an ngnólacht amach anseo, agus cuirfidh siad moltaí i láthair, lena n-áirítear nithe a bhaineann le cúrsaí eitice agus inbhuanaitheachta i gcás inarb ábhartha. Tá CMB na Cuntasaíochta Feidhmí ceaptha deiseanna praiticiúla a thabhairt do na scoláirí chun an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraítear trína rannpháirteachas leis an bhfoghlaim sa tsonraíocht a chur i bhfeidhm. Spreagtar dóibh leas a bhaint as a gcuid foghlama ar fud na snáitheanna. Áirítear uirthi sin cuir chuige a fhiosrú agus cinn chuí a roghnú chun freagairt do thascanna, agus moltaí eolacha a dhéanamh bunaithe ar ríomhanna agus iad a chur in iúl go soiléir.

Measúnú praiticiúil digiteach a bheidh sa chomhpháirt. Déanfaidh na scoláirí an measúnú sin i dtimpeallacht rialaithe faoi mhaoirseacht. Meastar go gcuirfear an CMB i gcrích faoi fhad ama socraithe agus beidh sé ar siúl i dtéarma a dó den séú bliain laistigh den amlíne a shonróidh CSS. Gabhfaidh treoir leis an measúnú, treoir a fhoilseoidh CSS roimh an measúnú agus tabharfar am ullmhúcháin go leor.

Déanfar na nithe seo a leanas sa treoir:

- leagfar amach na riachtanais shonracha maidir leis an CMB agus an nós imeachta lena chur isteach.
- cuirfear ar chumas na scoláirí díriú ar an eolas agus na scileanna riachtanacha chun an measúnú a chur i gcrích.
- tabharfar tacaíocht do na múinteoirí agus iad ag pleanáil an teagaisc agus na foghlama.

Nuair a bheidh sin críochnaithe, ullmhóidh na scoláirí a n-aighneacht i gcomhréir leis an treoir a sholáthrófar agus cuirfear í sin isteach go digiteach i bhformáid a shonróidh CSS.

Le cáipéis ar leithligh, Treoirlínte chun Tacú leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis: An Chuntasaíocht Fheidhmeach, tugtar treoir ar réimse ábhar a bhaineann leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a eagrú, a chur chun feidhme agus le maoirseacht a dhéanamh uirthi.

## Tuairisceoirí cáilíochta don chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis: An Chuntasaíocht Fheidhmeach

Baineann na tuairisceoirí a leagtar amach i dtábla 3 thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann na scoláirí amach sa chomhpháirt den Chuntasaíocht Fheidhmeach. Go háirithe, tríd an gcomhpháirt éilítear ar na scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Sonraí agus faisnéis chuntasaíochta a bhainistiú go héifeachtach, agus iad á gcur i láthair go digiteach i leagan amach oiriúnach.
- Sonraí agus faisnéis chuntasaíochta a leasú, a anailísiú agus a léirmhíniú, agus meastóireacht a dhéanamh ar na sonraí sin chun moltaí a dhéanamh.
- Na sonraí agus na moltaí atá déanta acu bunaithe ar a gcuid anailíse a chur in iúl.
- Úsáid éifeachtach a scileanna digiteacha a thaispeáint.

### Tuairisceoirí Cáilíochta don Chuntasaíocht Fheidhmeach

| | Scoláirí a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| **Sonraí cuntasaíochta/ faisnéis chuntasaíochta a bhainistiú go digiteach** | Sonraí cuntasaíochta/faisnéis chuntasaíochta a bhainistiú go fíorchruinn, agus an t-eolas a chur i láthair go soiléir i bhformáid dhigiteach oiriúnach a fheileann don tasc. | Sonraí cuntasaíochta/faisnéis chuntasaíochta a bhainistiú go réasúnta cruinn, agus an t-eolas a chur i láthair i bhformáid dhigiteach oiriúnach a fheileann don tasc. | Sonraí cuntasaíochta/faisnéis chuntasaíochta a bhainistiú gan mórán cruinnis, agus an t-eolas a chur i láthair i bhformáid dhigiteach a fheileann don tasc. |
| **Sonraí cuntasaíochta/ faisnéis chuntasaíochta a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú** | Sonraí cuntasaíochta agus/nó faisnéis chuntasaíochta a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú go cuimsitheach, agus úsáid fíor-éifeachtach scileanna digiteacha á dtaispeáint. | Sonraí cuntasaíochta agus/nó faisnéis chuntasaíochta a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú, agus úsáid éifeachtach scileanna digiteacha á dtaispeáint. | Sonraí cuntasaíochta agus/nó faisnéis chuntasaíochta a anailísiú, a léirmhíniú agus a mheasúnú ar bhealach teoranta nó neamhréireach, agus úsáid theoranta scileanna digiteacha á dtaispeáint. |
| **Moltaí a Dhéanamh** | Machnamh a dhéanamh ar a n-anailís, agus srianta ina gcuid anailíse a shainaithint go soiléir agus cur chuige soiléir agus ciallmhar a fheileann don tasc a mholadh. | Machnamh a dhéanamh ar a n-anailís, agus roinnt srianta ina gcuid anailíse a shainaithint agus cur chuige a fheileann don tasc a mholadh. | Machnamh a dhéanamh ar a n-anailís, agus líon beag srianta ina gcuid anailíse a shainaithint agus cur chuige teoranta a fheileann don tasc a mholadh. |
| **Cumarsáid** | Sonraí cuntasaíochta agus faisnéis chuntasaíochta a chur in iúl in éineacht le hanailís, measúnú agus moltaí go soiléir agus go ciallmhar i bhformáid dhigiteach. | Sonraí cuntasaíochta agus faisnéis a chur in iúl, in éineacht le hanailís, measúnú agus moltaí go soiléir i bhformáid dhigiteach. | Sonraí agus faisnéis cuntasaíochta, anailís, measúnú agus moltaí a chur in iúl ar bhealach teoranta i bhformáid dhigiteach. |

**Tábla 3:** Tuairisceoirí Cáilíochta: An Chuntasaíocht Fheidhmeach

## Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí (fíor 2) fite fuaite sna torthaí foghlama agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú ag an leibhéal cuí:

- na torthaí foghlama ar fud na gceithre shnáithe den staidéar agus comhtháthú Bhunrudaí na Cuntasaíochta ar fud na dtrí shnáithe eile den staidéar
- téamaí trasghearrtha na Teicneolaíochta Digití sa Chuntasaíocht agus na hEitice agus na hInbhuanaitheachta sa Chuntasaíocht a chur i bhfeidhm
- cumas na scoláirí plé go héifeachtach agus go héifeachtúil le faisnéis agus sonraí airgeadais.

# Socruithe réasúnta

Éilítear le sonraíocht Chuntasaíocht na hArdteistiméireacht go bpléann na scoláirí le cineál an ábhair ar bhonn leanúnach ar feadh an chúrsa. Tá dhá chuid ag baint leis an measúnú don teistiúchán i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta: scrúdú scríofa ar fiú 60% de na marcanna atá ar fáil é agus comhpháirt bhreise ar fiú 40% í. Sa chomhthéacs sin, tá scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), scéim a ceapadh chun cuidiú le scoláirí a mbeadh deacracht acu an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas acu a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiceach, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis na scoláirí sin an méid atá ar eolas acu agus an méid atá siad in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Dírítear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm agus atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na socruithe seo.

Bíonn cúinsí ann inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a thaispeáint, agus measúnú á dhéanamh ar na scoláirí le haghaidh teastasú, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe.

Tá faisnéis níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na socruithe atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Sula gcinneann scoláirí staidéar a dhéanamh ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, i gcomhairle lena scoil agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, ba cheart dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraí na socruithe measúnaithe. Ba cheart dóibh machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an mbeidh siad in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó an bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu a fhágann nach mbeidís in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach acu, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Grádú na hArdteistiméireachta

Déanfar Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta a ghrádú agus scála grádúcháin 8 bpointe á úsáid. Is é Grád 1 an grád is airde; is é Grád 8 an grád is ísle. Tá marcanna céatadáin idir 100% agus 30% i gceist leis na seacht ngrád is airde (1–7). Tá na gráid roinnte ina raonta cothroma atá 10% ar leithead. Bronntar Grád 8 as marcanna céatadáin níos lú ná 30%. Déantar idirdhealú idir gráid an Ardleibhéil agus gráid an Ghnáthleibhéil trí A nó G a chur roimh an ngrád faoi seach. Dá bhrí sin, tá A1–A8 i gceist ag an Ardleibhéal agus tá G1–G8 i gceist leis an nGnáthleibhéal.

| Grád | Marcanna % |
|---|---|
| A1/G1 | 90 – 100 |
| A2/G2 | 80 < 90 |
| A3/G3 | 70 < 80 |
| A4/G4 | 60 < 70 |
| A5/G5 | 50 < 60 |
| A6/G6 | 40 < 50 |
| A7/G7 | 30 < 40 |
| A8/G8 | < 30 |

**Tábla 4:** Grádú na hArdteistiméireachta

# Aguisín 1: Gluais de Bhriathra Gnímh

| Briathar gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **Aithin (sonraí/faisnéis)** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint. |
| **Anailísigh** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí agus/nó moltaí a dhéanamh. |
| **Asbhain** | na cuntais mhórleabhair a chomhardú agus na hiarmhéideanna deiridh a bhaint chun comhardú trialach a ullmhú. |
| **Coigeartaigh** | iontrálacha airgeadais, iarmhéideanna nó cuntais a mhodhnú nó a cheartú chun faisnéis chruinn agus nuashonraithe a léiriú. |
| **Cuir i bhfeidhm** | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú agus iad sin a thaispeáint/a thaifeadadh sna cuntais. |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd. |
| **Iniúch** | breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a chinntiú, agus teacht ar léargais agus/nó conclúidí nua. |
| **Léirmhínigh** | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar. |
| **Meas** | nádúr, cumas, cáilíocht nó luach ruda a mheas, a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh. |
| **Measúnaigh (sonraí/faisnéis)** | sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna. |
| **Mínigh** | faisnéis, coincheapa nó próisis a chur in iúl go soiléir ar bhealach lena gcinntítear tuiscint, ach í nó iad a bhriseadh síos go minic i dtéarmaí níos simplí agus príomhphointí a léiriú agus samplaí á n-úsáid, nuair is cuí. |
| **Ríomh** | teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach. |
| **Sainaithin** | patrúin, fíricí, samplaí nó mionsonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíric nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair. |
| **Samhaltaigh** | smaoineamh, struchtúr, próiseas nó córas a léiriú trí mhodhanna éagsúla amhail focail, léaráidí, cothromóidí, samhlacha fisiciúla nó ionsamhlúcháin; samhlacha a úsáid le cur síos, míniú, tuartha a dhéanamh agus fadhbanna a réiteach, agus é á aithint go mbaineann teorainneacha le gach samhail. |
| **Scrúdaigh** | breathnú go grinn ar argóintí, sonraí, faisnéis agus/nó scéalta d'fhonn bunús, barúlacha, peirspictíochtaí, treochtaí agus/nó caidrimh a nochtadh. |
| **Tabhair breac-chuntas** | na príomhphointí a thabhairt, gan ach na píosaí faisnéise riachtanacha a thabhairt. |
| **Taifead** | idirbheart airgeadais a dhoiciméadú sa timthriall cuntasaíochta, agus é á chinntiú go ndéantar é a ríomh agus a chur isteach go cruinn sna cuntais nó sna mórleabhair chuí. Is éard atá i gceist leis sin scileanna láimhe agus digiteacha a úsáid chun na méideanna cearta a fháil amach. |
| **Taispeáin** | míniú a thabhairt, agus é a léiriú le samplaí nó feidhm phraiticiúil sna cuntais. |
| **Ullmhaigh** | an próiseas a bhaineann le faisnéis airgeadais a ríomh, a thiomsú, a eagrú agus a chur i láthair go córasach, de láimh agus go digiteach araon. |

# Aguisín 2: Gluais Téarmaí

| Coincheap/Téarma | Tuiscint |
|---|---|
| **Ábharthacht** | Prionsabal cuntasaíochta lena luaitear nach mór na míreanna uile ar dócha le réasún go mbeidh tionchar acu ar chinnteoireacht infheisteoirí a thuairisciú sna ráitis airgeadais. |
| **Aitheantas ioncaim** | Prionsabal cuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta lena gceanglaítear go n-aithníonn gnólachtaí ioncam nuair a thuilltear é seachas nuair a fhaightear íocaíocht. |
| **An timthriall cuntasaíochta** | Is éard atá sa timthriall cuntasaíochta próiseas a úsáideann gnólachtaí chun a gcuid idirbheart airgeadais a thaifeadadh agus a bhainistiú i rith tréimhse chuntasaíochta. Seo a leanas na céimeanna:<br>1. Gabhtar sonraí ó cháipéisí foinseacha<br>2. Taifeadtar iad sna leabhair lae<br>3. Déantar achoimre orthu i gcuntais an mhórleabhair ginearálta<br>4. Asbhaintear comhardú trialach<br>5. Tuairiscítear na ráitis airgeadais. |
| **Cinntí déan/ ceannaigh** | An gníomh a bhaineann le roghnú idir táirge a mhonarú intí nó a cheannach ó sholáthróir seachtrach. |
| **Comhsheasmhacht** | Tagraíonn prionsabal cuntasaíochta na comhsheasmhachta don cheanglas ar chuideachta na modhanna agus nósanna imeachta cuntasaíochta céanna a úsáid ó thréimhse go tréimhse. Cinntítear leis an bprionsabal go mbíonn ráitis airgeadais inchomparáide le himeacht aimsire, rud a chuireann ar chumas páirtithe leasmhara treochtaí a shainaithint agus cinntí eolasacha a dhéanamh. |
| **Costais bháite** | Coincheap bainistíochta cuntasaíochta a úsáidtear go hiondúil chun cur síos a dhéanamh ar chostas a tabhaíodh cheana. |
| **Cothromóid chuntasaíochta** | Taispeánann an chothromóid chuntasaíochta an dá thaobh de gach idirbheart airgeadais agus sloinntear í mar a leanas:<br>Sócmhainní – Dliteanais = Cothromas<br>Ní mór don chothromóid sin a bheith fíor i gcónaí i gcás gach idirbhirt airgeadais. Léiríonn sócmhainní an ghnólachta lúide a dhliteanais an méid atá dlite don úinéir (.i. cothromas). |
| **Creat Coincheapúil an Tuairiscithe Airgeadais** | Tacar de threoirphrionsabail lena soláthraítear bunchloch le tuairisciú airgeadais agus cleachtais chuntasaíochta. Cuidíonn sé lena chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais ar bhealach seasmhach agus loighciúil. |
| **Dliteanas teagmhasach** | Is éard is dliteanas teagmhasach ann nóta maidir le nochtadh a thaispeántar sna nótaí a ghabhann leis na cuntais inar cosúil go bhfuil caiteachas féideartha ann nach dtaifeadtar aon fhoráil maidir leis. |
| **Dócmhainneacht** | Níl an gnólacht ná an duine aonair in ann a gcuid fiachas a íoc nuair a bheidh siad dlite. |
| **Gnóthas leantach** | Toimhde go leanfaidh an gnólacht de bheith ag trádáil ar feadh tréimhse is faide ná 12 mhí. |
| **Nóta maidir le beartas dímheasa** | Nóta a ghabhann leis na ráitis airgeadais, ina dtugtar breac-chuntas ar an gcaoi a gcuirfidh cuideachta dímheasa a shócmhainní neamhreatha san áireamh le himeacht aimsire. |
| **Prionsabal an eintitis gnó** | Luaitear le prionsabal an eintitis gnó go bhfuil an gnólacht ar leithligh ó úinéir nó úinéirí an ghnólachta. Dá bhrí sin, ní mór na taifid chuntasaíochta don ghnólacht is simplí fiú, an trádálaí aonair, a choimeád ar leithligh ó ghnóthaí pearsanta an úinéara nó na n-úinéirí. |
| **Prionsabal na meaitseála** | Coincheap cuntasaíochta lena leagtar síos go dtuairiscíonn gnólachtaí costais sa tréimhse chéanna leis na hioncaim lena mbaineann siad. |

| | |
|---|---|
| **Ráitis airgeadais** | Achoimrí deireadh bliana ar staid airgeadais gnólachta lena n-áirítear an Ráiteas Brabúis nó Caillteanais, an Ráiteas Staide Airgeadais agus an Ráiteas Sreafaí Airgid. |
| **Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (RG&T)** | Cuid i ráitis airgeadais cuideachta ina soláthraítear faisnéis mhionsonraithe maidir lena sócmhainní seasta inláimhsithe. |
| **Róthrádáil** | Tarlaíonn róthrádáil nuair is féidir nach mbeidh an t-airgead tirim ag gnólacht chun tacú lena leibhéal trádála reatha. |
| **Stuamacht** | Ciallaíonn sin nár cheart do chuntasóirí rómheas a dhéanamh ar ioncaim ná costais a mheas faoina luach, ach ina ionad sin, gurb amhlaidh nár cheart dóibh dul sa seans agus gur cheart dóibh breithiúnais choimeádacha a dhéanamh. |
| **Teagmhais iarchláir chomhardaithe** | Is éard atá i gceist le teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe na teagmhais sin, atá fabhrach agus neamhfhabhrach, idir deireadh na tréimhse tuairiscithe agus an dáta a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint. |
| **Timthriall tiontaithe airgid thirim** | Méadrach lena léirítear an líon laethanta a thógann sé ar an ngnólacht an t-airgead tirim a caitheadh ar fhardal a thiontú ar ais in airgead tirim de thoradh a tháirge nó a sheirbhís a dhíol. Dá ghiorra an timthriall tiontaithe airgid thirim is ea is fearr. Téigh go hAguisín 3 don fhoirmle. |
| **Tuairisciú deighilteach** | An cleachtas a bhaineann le faisnéis airgeadais cuideachta a mhiondealú ina ndeighleoga éagsúla, lena n-áirítear, rannóga gnó, réigiúin gheografacha, nó línte táirgí, agus feidhmíocht airgeadais gach ceann acu a thuairisciú ar leithligh. |
| **Tuarascáil iniúchóra** | Is tuarascáil scríofa ón iniúchóir í an tuarascáil iniúchóra ina bhfuil a thuairim maidir le cé acu atá nó nach bhfuil ráitis airgeadais cuideachta i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta ábhartha agus atá nó nach bhfuil siad saor ó ráiteas neamhchruinn ábhartha. |

# Aguisín 3 Léirmhíniú ar Chóimheasa Cuntas

| **Brabúsacht**<br>Le cóimheasa brabúsachta déantar measúnú ar cé chomh héifeachtach atá cuideachta maidir le brabúis a ghiniúint agus cé chomh héifeachtúil atá an chuideachta maidir le húsáid a bhaint as a caipiteal chun na brabúis sin a ghiniúint. | | |
|---|---|---|
| **Cóimheas** | **Foirmle** | **A Shloinntear Mar a Leanas** |
| Ollchorrlach Brabúis | $\frac{\text{Ollbhrabús}}{\text{Ioncam}}$ | % |
| Glanchorrlach Brabúis | $\frac{\text{Glanbhrabús}}{\text{Ioncam}}$ | % |
| An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid (*cuideachta theoranta amháin*) | $\frac{\text{Barrachas Oibriúcháin}}{\text{(Cothromas + Dliteanais Neamhreatha)}}$ | % |

| **Cóimheasa Gníomhaíochta [Éifeachtúlachta]**<br>Le cóimheasa gníomhaíochta déantar measúnú ar cé chomh héifeachtúil atá cuideachta maidir le húsáid a bhaint as a sócmhainní chun ioncam agus airgead tirim a ghiniúint. | | |
|---|---|---|
| **Cóimheas** | **Foirmle** | **A Shloinntear Mar a Leanas** |
| Laethanta Fardail | $\frac{\text{Meánfhardail x 365}}{\text{Costas Díolachán}}$ | Laethanta |
| Laethanta Infhála | $\frac{\text{Meántrádálacha Infhála x 365}}{\text{Díolacháin Chreidmheasa}}$ | Laethanta |
| Laethanta Iníoctha | $\frac{\text{Meántrádálacha Iníoctha x 365}}{\text{Ceannacháin Chreidmheasa}}$ | Laethanta |
| Timthriall Tiontaithe Airgid Thirim* | Laethanta Fardail + Laethanta Infhála – Laethanta Iníoctha | Laethanta |
| Láimhdeachas Sócmhainní | $\frac{\text{Díolacháin Iomlána}}{\text{Meán na Sócmhainní Iomlána}}$ | X:1 |

## Cóimheasa Leachtachta

Le cóimheasa leachtachta, déantar measúnú ar chumas Gnólachta chun a chuid fiach gearrthéarma a íoc nuair atá siad dlite.

| Cóimheas | Foirmle | A Shloinntear Mar a Leanas |
|---|---|---|
| Cóimheas Reatha | Sócmhainní Reatha / Dliteanais Reatha | X:1 |
| Cóimheas [Mear] Fíorthástála | (Sócmhainní Reatha – Fardail) / Dliteanais Reatha | X:1 |

## Sócmhainneacht

Le cóimheasa sócmhainneachta, déantar measúnú ar chumas cuideachta chun oibleagáidí fadtéarmacha a chomhlíonadh.

| Cóimheas | Foirmle | A Shloinntear Mar a Leanas |
|---|---|---|
| Giaráil [Fiachas/Cothromas] (*cuideachta theoranta amháin*) | Fiachas Airgeadais Iomlán / Cothromas | Uimhir* |
| Cumhdach Úis (*cuideachta theoranta amháin*) | Barrachas Oibriúcháin / Ús Iníoctha | Iolra (Uaireanta) |

*Sampla: F/C =0.8, mar sin i gcás gach €1 de chothromas, tá 80 cent d'fhiachas.

## Cóimheasa Infheisteora

Leis na cóimheasa seo, tomhaistear na fáltais atá á nginiúint ag a gcuideachta dá sealbhóirí gnáthscaireanna.

| Cóimheas | Foirmle | A Shloinntear Mar a Leanas |
|---|---|---|
| Cumhdach Díbhinní (*cuideachta theoranta amháin*) | Brabús inchurtha i leith sealbhóirí cothromais / Gnáthdhíbhinní iomlána | Iolra (uaireanta) |
| Díbhinní in Aghaidh na Scaire (*cuideachta theoranta amháin*) | Gnáthdhíbhinní Iomlána / An líon gnáthscaireanna i gceist | Euro agus centanna |
| Tuilleamh in Aghaidh na Scaire (*cuideachta theoranta amháin*) | Brabús inchurtha i leith sealbhóirí cothromais / An líon gnáthscaireanna eisithe | Euro agus centanna |

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Foilsithe mí Lúnasa 2025.